Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Iúil 2022**
**(OR. en)**

**11497/22**
**ADD 1**

**EF 217**
**ECOFIN 747**
**DELACT 130**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Iúil 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 4836 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann le RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena leagtar amach teimpléad conarthach le haghaidh conarthaí leachtachta i dtaobh scaireanna eisitheoirí a ligtear ionstraimí airgeadais dá gcuid isteach chun a dtrádála ar mhargadh fáis FBM |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 4836 final.

---

Faoi iamh: C(2022) 4836 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.7.2022
C(2022) 4836 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann le**

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena leagtar amach teimpléad conarthach le haghaidh conarthaí leachtachta i dtaobh scaireanna eisitheoirí a ligtear ionstraimí airgeadais dá gcuid isteach chun a dtrádála ar mhargadh fáis FBM**

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**
**<u>Teimpléad le haghaidh conradh leachtachta</u>**

**CONRADH LEACHTACHTA**

Déantar an conradh leachtachta seo (an 'conradh') an [dáta]

**idir**

[*ainm na cuideachta*],

cuideachta ag a bhfuil scairchaipiteal [……..] [EUR/airgeadra náisiúnta], a bhfuil a hoifig chláraithe ag [*seoladh*], atá cláraithe ar chlár cuideachtaí [*cathair/tír*] faoin uimhir [ …………..……..…… ], arna hionadú ag [ ……………………..…. ],

(**'an t-eisitheoir'**)

**agus**

[*ainm na cuideachta*], cuideachta ag a bhfuil scairchaipiteal [……..] [EUR/airgeadra náisiúnta], a bhfuil a hoifig chláraithe ag [*seoladh*], atá údaraithe ag an [*údarás inniúil náisiúnta*], uimhir thagartha [ …………..……..…… ] agus atá cláraithe ar chlár cuideachtaí [*cathair/tír*] faoin uimhir [ …………..……..…… ], arna hionadú ag [ ……………………..…. ],

(**'an soláthraí leachtachta'**)

(dá ngairtear, le chéile, anseo feasta '**na páirtithe**')

**Comhaontaíonn na Páirtithe leis seo mar a leanas:**

## 1. SAINMHÍNITHE

Sa chonradh seo [*agus sna leasuithe go léir a ghabhann leis*], tá na bríonna seo a leanas leis na focail agus leis na habairtí seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'margadh' an margadh fáis FBM a ligtear scaireanna an eisitheora isteach ann chun iad a liostú agus a thrádáil agus ina ndéantar an conradh a chomhlíonadh, i.e. [ainm an Mhargaidh/na Margaí Fáis FBM];

(b) ciallaíonn 'scaireanna' scairchaipiteal an eisitheora de [*EUR/airgeadra náisiúnta*], [.....], a ligtear isteach chun a liostaithe agus a dtrádála ar an margadh agus a roinntear ina [….] scair ag a bhfuil parluach [....] leis an ISIN (uimhir aitheantais urrús idirnáisiúnta)/na ISINanna seo a leanas: […..];

(c) "cuntas leachtachta": cuntas tiomnaithe [*uimhir* ..……….] arna oscailt ag an soláthraí leachtachta in ainm an eisitheora;

(d) ciallaíonn 'meánláimhdeachas laethúil' an láimhdeachas iomlán le haghaidh na scaireanna ábhartha roinnte ar 20; is é sin i gcás ina ndéantar an láimhdeachas iomlán sin le haghaidh na scaireanna lena mbaineann a ríomh mar a leanas; i gcás gach idirbhirt a rinneadh le linn na 20 lá trádála roimhe sin sa mhargadh fáis FBM lena mbaineann, suimítear na torthaí a fhaightear nuair a dhéantar líon na scaireanna a malartaíodh idir na ceannaitheoirí agus na díoltóirí a iolrú faoin bpraghas aonaid is infheidhme le haghaidh an idirbhirt sin;

(e) ciallaíonn ‘scaireanna leachtacha’ scaireanna a bhfuil margadh leachtach acu dá dtagraítear in Airteagal 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/567[1].

(f) ciallaíonn ‘scaireanna neamhleachtacha’ scaireanna nach bhfuil margadh leachtach acu faoi Airteagal 1 agus Airteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/567;

## 2. OIBLEAGÁIDÍ AN TSOLÁTHRAÍ LEACHTACHTA

### 2.1. Údarú

Leis seo, ionadaíonn an soláthraí leachtachta an t-eisitheoir agus barántaíonn sé dó go bhfuil sé údaraithe go cuí ag an [*údarás inniúil náisiúnta*] chun gníomhaíocht [*na seirbhíse airgeadais*] a dhéanamh agus gur comhalta cláraithe den mhargadh é. Geallann an soláthraí leachtachta go gcoimeádfaidh sé an t-údarú arna eisiúint ag an údarás inniúil mar aon le comhaltas sa mhargadh ar feadh ré iomlán an chonartha.

*[Oibleagáidí breise]*

### 2.2. Neamhspleáchas an tsoláthraí leachtachta

*2.2.1. Agus an conradh seo á chomhlíonadh ag an soláthraí leachtacha, gníomhóidh sé ar bhealach a bheidh neamhspleách ar an eisitheoir.*

*2.2.2. Beidh bearta i bhfeidhm ag an soláthraí leachtachta chun a áirithiú go bhfanfaidh na cinntí trádála a bhaineann leis an gconradh seo neamhspleách ar chinntí trádála deasc trádála, grúpaí trádála nó aonad trádála eile laistigh den soláthraí leachtachta a théann i mbun gníomhaíochtaí trádála i dtaobh na scaireanna nó na n-ionstraimí airgeadais a mbraitheann a bpraghas nó a luach ar phraghas nó ar luach na scaireanna laistigh de shainordú an tsoláthraí leachtachta faoin gconradh seo, nó a bhfuil tionchar acu ar phraghas nó ar luach na scaireanna sin, lena n-áirítear orduithe chun trádáil a dhéanamh arna bhfáil ó chliaint, ó bhainistíocht punainne nó orduithe a chuirtear ar a chuntas féin.*

*2.2.3. Coimeádfaidh an soláthraí leachtachta struchtúr inmheánach iomchuí mar aon le rialuithe lena n-áiritheofar neamhspleáchas a fhoirne atá i gceannas ar thrádáil faoin gconradh seo ar dheasca, grúpaí nó aonaid trádála eile a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí trádála arna ndéanamh ag an soláthraí leachtachta.*

### 2.3. Coinbhleachtaí leasa

Beidh bearta iomchuí i bhfeidhm ag an soláthraí leachtachta chun coinbhleachtaí leasa a eascraíonn as comhlíonadh an chonartha seo a chosc agus a bhainistiú.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/567 ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sainmhínithe, trédhearcacht, comhbhrú punainne agus bearta maoirseachta maidir le hidirghabháil táirge agus suíomhanna (IO L 87, 31.3.2017, lch. 90).

**2.4. An cuntas leachtachta**

*2.4.1. Osclóidh an soláthraí leachtachta cuntas leachtachta le hacmhainní airgid agus/nó scaireanna arna leithdháileadh ag an eisitheoir chun an conradh leachtachta a chomhlíonadh.*

*2.4.2. Déanfaidh an soláthraí leachtachta gach idirbheart a dhéantar faoin gconradh seo, agus na hidirbhearta sin amháin, a thaifeadadh sa chuntas leachtachta.*

*2.4.3. Úsáidfidh an soláthraí leachtachta na hacmhainní a leithdháiltear ar an gcuntas leachtachta chun a oibleagáidí a chomhlíonadh faoin gconradh leachtachta seo agus chun na críche sin amháin.*

*2.4.4. Ní dhéanfaidh an soláthraí leachtachta an cuntas leachtachta a rótharraingt i ndáil le hairgead tirim nó le scaireanna agus áiritheoidh sé go bhfuil na hacmhainní sin i gcomhréir leis na tairseacha dá dtagraítear i bpointe 3.3, an dara mír.*

*2.4.5. Dúnfaidh an soláthraí leachtachta an cuntas leachtachta nuair a bheidh an conradh imithe in éag nó foirceanta, tar éis dó aon airgead nó scaireanna i seilbh sa chuntas leachtachta a aistriú láithreach chuig an gcuntas nó na cuntais arna n-ainmniú ag an eisitheoir.*

**2.5. Orduithe ceannaigh agus díola**

*2.5.1. Geallann an soláthraí leachtachta go n-iontrálfaidh sé orduithe chun na scaireanna a cheannach agus a dhíol ar an margadh agus é d'aidhm aonair leis sin leachtacht na scaireanna sin a fheabhsú agus chun rialtacht na trádála sna scaireanna sin a fheabhsú nó chun luascadh praghsanna nach bhfuil bonn cirt leo de bharr threocht reatha an mhargaidh a sheachaint. Déanfaidh an soláthraí leachtachta orduithe chun trádála a iontráil ar dhá thaobh an leabhair orduithe.*

*2.5.2. Geallann an soláthraí leachtachta gan orduithe a d'fhéadfadh tríú páirtithe a chur ar míthreoir a iontráil.*

*2.5.3. Geallann an soláthraí leachtachta nach n-athróidh sé na praghsanna sa mhargadh i gcás ina bhfuil leas trádála ag deasca, grúpaí nó ag aonaid trádála neamhspleácha a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí trádála eile laistigh den soláthraí leachtachta nó má tá leas trádála ag tríú páirtithe neamhspleácha. Maidir le horduithe ceannaigh, geallann an soláthraí leachtachta orduithe a dhéanamh i dtaobh na scaireanna atá ar phraghas nach mó ná an t-ordú tairisceana neamhspleách is airde sa leabhar nó ar phraghas nach mó ná an trádáil neamhspleách dheireanach, cibé acu is airde. Maidir le horduithe díola, geallann an soláthraí leachtachta orduithe a dhéanamh i dtaobh na scaireanna atá ar phraghas nach lú ná an t-ordú iarrata neamhspleách is ísle sa leabhar nó ar phraghas nach lú ná an trádáil neamhspleách dheireanach, cibé acu is ísle.*

*2.5.4. Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid orduithe chun trádála a iontráil ar dhá thaobh an leabhair orduithe dá dtagraítear i bpointe 2.5.1 in aon cheann de na himthosca seo a leanas:*

(a) staid luaineachta lena spreagtar sásraí luaineachta i gcás na scaire atá faoi réir an chonartha leachtachta nó staid adhluaineachta lena spreagtar sásraí luaineachta le haghaidh fhormhór na n-ionstraimí airgeadais a thrádáiltear ar an margadh;

(b) cogadh, gníomhaíocht thionsclaíoch, corraíl shibhialta nó cibearshabaitéireacht;

(c) dálaí trádála mí-ordúla i gcás ina gcuirtear isteach ar thrádáil chóir, ordúil agus thrédhearcach agus ina bhfuil an soláthraí leachtachta in ann fianaise a chur ar fáil maidir le haon cheann díobh seo a leanas:

(i) rinne moilleanna agus briseadh difear suntasach d'fheidhmíocht chóras an mhargaidh;

(ii) tharla roinnt orduithe nó idirbheart in earráid;

(iii) níl cumas an mhargaidh seirbhísí a sholáthar leordhóthanach a thuilleadh.

## 2.6. Gníomhaíocht trádála laethúil

*2.6.1. Ní rachaidh an soláthraí leachtachta, agus é ag trádáil, thar na méideanna laethúla seo a leanas:*

(a) i gcás scaireanna neamhleachtacha: 25 % den mheánláimhdeachas laethúil;

(b) i gcás scaireanna leachtacha: 15 % den mheánláimhdeachas laethúil.

I gcás nach bhféadfaidh an soláthraí leachtachta, mar gheall ar an méid laethúil a leagtar amach i bpointe (a), leachtacht a sholáthar go héifeachtach, féadfaidh an soláthraí leachtachta tairseach chrua aonair EUR 20,000 a chur i bhfeidhm nó, sna Ballstáit nach bhfuil an euro ina airgeadra acu, an luach comhfhreagrach san airgeadra náisiúnta arna chinneadh trí ráta tagartha malairte eachtraí euro an Bhainc Cheannais Eorpaigh a chur i bhfeidhm amhail ón 31 Nollaig an bhliain roimhe sin.

*2.6.2. Orduithe móra agus idirbhearta caibidlithe dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (b) agus pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] agus in Airteagal 7 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587[3] ón gCoimisiún, beidh siad laistigh de raon feidhme an chonartha leachtachta seo, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na coinníollacha uile seo a leanas:*

(a) déantar iad a fhorghníomhú ag an ionad;

(b) comhlíonann siad rialacha an mhargaidh;

(c) tarlaíonn siad i gcásanna eisceachtúla.

Faoi na coinníollacha a leagtar síos i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c), féadfaidh an soláthraí leachtachta dul thar na teorainneacha a leagtar amach i bpointe 2.6.1 an lá trádála sin.

## 2.7. Taifid a choimeád

*2.7.1. Geallann an soláthraí leachtachta taifid leordhóthanacha ar orduithe agus ar idirbhearta a bhaineann leis an gconradh a choimeád ar feadh cúig bliana.*

*2.7.2. Geallann an soláthraí leachtachta go gcoinneoidh sé ar feadh cúig bliana an doiciméadacht lena léirítear go ndéantar orduithe a thugtar isteach a iontráil ar leithligh agus go leithleach gan orduithe a chomhiomlánú ó chliaint eile ná óna*

---

[2] Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 173, 12.6.2014, lch. 84).

[3] Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí in ionstraimí airgeadais i dtaca le caighdeáin theicniúla rialála um cheanglais trédhearcachta ar ionaid trádála agus ar ghnólachtaí infheistíochta maidir le scaireanna, admhálacha taisclainne, cistí arna dtrádáil ar an malartán, deimhnithe agus ionstraimí airgeadais comhchosúla eile agus maidir le hoibleagáidí forghníomhúcháin idirbheart i ndáil le scaireanna áirithe ag ionad trádála nó i dtaca le hinmheánaitheoir córasach (IO L 87, 31.3.2017, lch. 387).

*ghníomhaíocht trádála dílseánaigh féin, agus an doiciméadacht sin a fhíorú trí bhíthin comhlíonta nó trí fheidhm rialaithe inmheánaigh eile.*

### 2.8. Iniúchadh agus comhlíonadh

Barántaíonn an soláthraí leachtachta acmhainní comhlíonta agus iniúchóireachta a bheith aige chun faireachán a dhéanamh i gcónaí ar an gcomhlíonadh leis an gcreat reachtach is infheidhme agus leis na coinníollacha a leagtar síos sa chonradh seo agus an comhlíonadh sin a áirithiú i gcónaí.

### 2.9. Trédhearcacht

Geallann an soláthraí leachtachta an fhaisnéis uile is gá a chur ar fáil don eisitheoir le go mbeidh an t-eisitheoir in ann a oibleagáidí trédhearcachta i leith an phobail agus i leith an [*údaráis inniúil náisiúnta*] a chomhlíonadh.

## 3. OIBLEAGÁIDÍ AN EISITHEORA

### 3.1. Neamhspleáchas an tsoláthraí leachtachta

Ní imreoidh an t-eisitheoir aon tionchar ar an soláthraí leachtachta a mhéid a bhaineann le comhlíonadh an chonartha leachtachta.

### 3.2. Trédhearcacht

*3.2.1. Déanfaidh an t-eisitheoir cóip den chonradh seo a sholáthar go pras don [údarás inniúil náisiúnta] ábhartha arna iarraidh sin dó.*

*3.2.2. Geallann an t-eisitheoir an fhaisnéis uile a leanas a nochtadh agus a nuashonrú go rialta ar a shuíomh gréasáin. [Déanfar an fhaisnéis a nochtadh freisin ar shuíomh gréasáin an tsoláthraí leachtachta agus/nó ar shuíomh gréasáin an mhargaidh nó ar bhealach eile] .*

(a) sula mbeadh feidhm ag an gconradh seo:

(i) céannacht an eisitheora agus an tsoláthraí leachtachta;

(ii) sainaithint na scaireanna is ábhar don chonradh seo;

(iii) dáta tosaigh agus fad an chonartha seo, agus cásanna nó coinníollacha as a dtiocfaidh briseadh sealadach, fionraí shealadach nó foirceannadh sealadach;

(iv) sainaithint an mhargaidh ar a gcuirfear na hoibleagáidí a leagtar amach sa chonradh seo i gcrích, agus, i gcás inarb infheidhme, léiriú ar an bhféidearthacht idirbhearta a fhorghníomhú i gcomhréir le pointe 2.6.2 den chonradh seo;

(v) acmhainní, idir airgead agus scaireanna, atá leithdháilte ar an gconradh seo sa chuntas leachtachta;

(b) le linn chomhlíonadh an chonartha seo:

(i) ar bhonn leathbhliantúil, figiúirí comhiomlánaithe in aghaidh an lae i dtaobh na gníomhaíochta trádála a dhéantar faoin gconradh seo, lena n-áirítear:

– líon na n-idirbheart a forghníomhaíodh;

– an méid a trádáladh;

– meánmhéid na n-idirbheart agus na meánraonta difríochta a luadh;

– praghsanna na n-idirbheart a forghníomhaíodh;

(ii) aon athrú a rinneadh ar fhaisnéis a nochtadh roimhe maidir leis an gconradh leachtachta, athruithe i ndáil le méid an airgid agus líon na scaireanna arna leithdháileadh ag an eisitheoir;

(c) tar éis fhoirceannadh an chonartha seo:

(i) gur scoireadh de chomhlíonadh an chonartha seo;

(ii) an tuairisc ar an gcaoi a ndearnadh an conradh a chomhlíonadh;

(iii) na cúiseanna leis an bhfoirceannadh sin;

(iv) i gcás go n-imeodh an conradh in éag, an fhaisnéis a bhaineann lena dhul in éag.

**3.3. Teorainneacha leis na hacmhainní arna leithdháileadh le haghaidh chomhlíonadh an chonartha**

Leithdháilfidh an t-eisitheoir acmhainní in airgead nó i scaireanna ar an gcuntas leachtachta ar bhealach comhréireach agus in-chomhthomhaiste leis an gcuspóir feabhas a chur ar an leachtacht. [XXX agus XXX, faoi seach, in airgead agus i scaireanna] a bheidh sa mhéid sin,

Áiritheoidh an t-eisitheoir nach sáróidh leithdháileadh na n-acmhainní sin na tairseacha seo a leanas:

(a) i gcás scaireanna neamhleachtacha: 500 % de mheánláimhdeachas laethúil na scaire, arna chaidhpeáil ag 1 mhilliún euro;

(b) i gcás scaireanna leachtacha: 200 % de mheánláimhdeachas laethúil na scaire, arna chaidhpeáil ag EUR 20 milliún.

I gcás nach gcuireann an tairseach 500 % a leagtar amach i bpointe (a) ar chumas an tsoláthraí leachtachta leachtacht a sholáthar go héifeachtach, féadfar tairseach aonair EUR 500 000 a chur i bhfeidhm.

I gcás eisitheoirí atá lonnaithe i mBallstáit nach é an euro an t-airgeadra iontu, déanfar an luach comhfhreagrach san airgeadra náisiúnta a chinneadh trí ráta tagartha malairte eachtraí euro an Bhainc Cheannais Eorpaigh a chur i bhfeidhm amhail ón 31 Nollaig den bhliain roimh dháta an chonartha seo.

**3.4. Luach saothair an tsoláthraí leachtachta**

I gcomaoin na seirbhísí arna gcur ar fáil faoin gconradh seo, geallann an t-eisitheoir [*sonraigh an méid*] agus [*sonraigh an céatadán*] den [*sonraigh an luach saothair, na critéir chun an luach saothair athraitheach a chinneadh, rud nach féidir a bheith níos mó ná 15 % den luach saothair iomlán, mar aon leis na táillí agus minicíocht an íoctha*] a íoc leis an soláthraí leachtachta.

## 4. FIONRAÍ SEALADACH NÓ SRIANADH SEALADACH AN CHONARTHA SEO

**4.1. [na cásanna ina bhféadfar, nó na coinníollacha faoina bhféadfar, comhlíonadh an chonartha a chur ar fionraí go sealadach nó a shrianadh]**

## 5. TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA CONARTHACHA EILE

**5.1. [Tá an tsaoirse ag na páirtithe clásail bhreise a chur isteach sa teimpléad conarthach chun sainiúlachtaí an cháis aonair a chur san áireamh, i gcomhréir le saoirse chonarthach na bpáirtithe (e.g. an dlí lena rialaítear an conradh,**

**rúndacht, ré, foirceannadh, athnuachan, dlínse agus aon fhorálacha eile chun freastal ar shainiúlachtaí an cháis aonair)]**

## 6. AN DRÉACHTCHONRADH A THÍOLACADH

Chuir an t-eisitheoir dréacht den chonradh seo faoi bhráid [*oibreoir margaidh*], agus d'aontaigh sé sin le téarmaí agus coinníollacha an dréachtchonartha. Deimhníonn an t-eisitheoir leis seo gurb ionann na téarmaí agus na coinníollacha atá sa chonradh seo agus téarmaí agus coinníollacha an dréachtchonartha lenar chomhaontaigh an [*oibreoir margaidh*].

**Dá fhianú sin,** rinneadh an conradh seo an [*lá*], [mí] agus [*bliain*]**.**

ARNA SHÍNIÚ AG

an **eisitheoir**

[*ainm*]

ar son agus thar ceann

[*ainm*]

an **soláthraí leachtachta**

[*ainm*]

ar son agus thar ceann

[*ainm*]